BANC CEANNAIS NA hÉIREANN

# PLEAN STRAITÉISEACH
2019–2021



Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland

Eurosystem

# CLÁR NA nÁBHAR



- Réamhrá 3

**CUID 1**

- Misean, Sainordú agus Fís 8
- Téama Straitéiseach 12

**CUID 2**

- Athbhreithniú ar Straitéis 2016-2018 19
- Cuspóirí Reachtúla 21
- Cuspóirí Eagraíochtúla 31

# Réamhrá



*"Beimid solúbtha i dtaca lenár straitéis a bhaint amach, agus cuirfimid na héilimh iomaíocha in ord tosaíochta, fad a áiritheoimid go mbainfimid ár gcuid bunoibre amach agus go bhfreagróimid d'athruithe sa timpeallacht sheachtrach."*

**An Gobharnóir, Philip R. Lane**

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

# Réamhrá

Deich mbliana i ndiaidh thús na géarchéime airgeadais i bhfómhar na bliana 2008, is mithid dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar threo straitéiseach Bhanc Ceannais na hÉireann (an Banc Ceannais). Spreag an ghéarchéim athchóirithe leathana beartais ar bhonn idirnáisiúnta agus leathnaíodh sainorduithe baincéireachta ceannais agus rialála airgeadais chun na lochtanna sistéamacha arna nochtadh ag an ngéarchéim a cheartú. Ar bhonn intíre, bhí bainistíocht agus maoirseacht chúramach de dhíth, mar aon le hathstruchtúrú fairsing ar an gcóras airgeadais, de thoradh na n-iarmhairtí iar-ghéarchéime a bhain le féichiúnas iomarcach. Le cúig bliana anuas go háirithe (ó tháinig deireadh le clár AE-CAI in 2013), ba chuspóir príomhúil é an Banc Ceannais a bhunú mar mhaor éifeachtach chóras airgeadais na hÉireann a bheadh ag obair ar mhaithe le leas an phobail i gcomhar le brainsí eile de Stát na hÉireann agus lenár gcomhghleacaithe san Eurochóras agus sa Chóras Eorpach Maoirseachta Airgeadais.

I dteannta leis an sár-théarnamh ar gheilleagar na hÉireann, tháinig feabhas comhuaineach ar bhail na coda sin de chóras airgeadais na hÉireann a bhaineann leis an taobh intíre. Ag an am céanna, tá ról na hÉireann mar shuíomh d'idirghabháil airgeadais idirnáisiúnta i leith raon seirbhísí airgeadais ag leathnú i gcónaí.

Táthar tar éis gluaiseacht i dtreo fealsúnacht maoirseachta níos treallúsaí, i dtreo tiomantais chun institiúidí airgeadais anásta a réiteach (seachas a bheith ag brath ar an gcáiníocóir), mar aon le gníomhachtú beart beartais macrastuamachta a fhéachann le riosca sistéamach a shrianadh. Tá imní ag méadú maidir le mí-iompar airgeadais freisin.

Chonacthas go bhfuil bearta neamhchaighdeánacha beartais á nglacadh agus go bhfuil méadú tagtha ar bhailiú sonraí airgeadais. Bhí bunathrú ar bhainc cheannais agus ar rialtóirí airgeadais ag teastáil chun dul i ngleic leis na dúshláin sin. Tá sé seo á bhaint amach trí leibhéil foirne a mhéadú, trí chleachtais oibre a athrú agus trí chumas eagraíochtúil a neartú. Tháinig athrú ó bhun ar bhaincéireacht nuair a tionscnaíodh an Sásra Maoirseachta Aonair in 2014 sa mhéid go raibh an mhaoirseacht ar na mórbhainc á stiúradh anois ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) i gcomhpháirt leis na húdaráis inniúla náisiúnta.

In Éirinn, bhí an t-athrú ar an mBanc Ceannais níos suntasaí fós mar gheall ar na fadhbanna leanúnacha ón ngéarchéim agus mar gheall ar shuntasacht na hÉireann mar lárionad airgeadais idirnáisiúnta. De bharr an méid sin, tháinig méadú 27 faoin gcéad ar líon lucht oibre an Bhainc Ceannais (ó thart ar 1,500 go dtí 1,900) thar thréimhse Phlean Straitéiseach 2016-2018. Sa bhliain 2017, bhog na comhaltaí foirne a bhí suite i lár na cathrach go dtí Campas nua na nDugthailte ina gcuimsítear an ceanncheathrú nua ar Ché an Phoirt Thuaidh agus an suíomh ag Duga Spencer. Ina theannta sin, rinneadh infheistíocht mhór in acmhainní TF agus i bhfeabhsú scileanna na foirne.



An Gobharnóir, Philip R. Lane

*"Deich mbliana i ndiaidh thús na géarchéime airgeadais i bhfómhar na bliana 2008, is mithid dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar threo straitéiseach Bhanc Ceannais na hÉireann"*



An Gobharnóir, Philip R. Lane

Ag féachaint ar an timthriall pleanála trí bliana atá le teacht, tá tréimhse um chomhdhlúthú amach romhainn. Le cur chun feidhme na n-athchóirithe rialála idirnáisiúnta agus Eorpacha arna dtabhairt isteach le deich mbliana anuas, tá creat nua níos láidre ann chun maoirseacht airgeadais a stiúradh. Leis an téarnamh ar gheilleagar na hÉireann agus ar gheilleagair na hEorpa, éascaítear normalú céimseach ar dhálaí airgeadais agus feabhas ar bhail na gclár comhardaithe de chuid institiúidí airgeadais, teaghlach, gnólachtaí agus rialtas. Ar a shon sin, tá roinnt dúshlán agus rioscaí ann i gcónaí ón ngéarchéim agus tá Éire neamhchosanta ar rioscaí sa gheilleagar intíre agus sa timpeallacht sheachtrach araon.  Cé go bhfuil luaineacht shuntasach ag bagairt ar struchtúr an tionscail airgeadais mar gheall ar theacht chun cinn teicneolaíochtaí nua, ciallaíonn cineál ginearálta an bhunchreata rialála gur féidir é a fheidhmiú ar an gcaoi chéanna i leith iontrálaithe nua agus gnólachtaí bunaithe araon.

An príomhdhúshlán atá ann sa chéad chéim eile seo is ea a áirithiú go n-éiríonn leis an gcreat beartais nua trí chobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a choimirciú, fad a fhéachtar lena chinntiú go mbeidh an córas airgeadais ag feidhmiú ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus leas an gheilleagair níos leithne. Cé go bhfuil comhdhlúthú an chreata beartais ina thosaíocht phríomhúil straitéiseach don tréimhse 2019-2021, tá dhá dhúshlán shuntasacha ann nach mór béim straitéiseach a leagan orthu:

- Brexit is ea an chéad cheann. Cé nach bhfuil cineál deiridh na socruithe idir AE agus RA soiléir tráth ullmhaithe an Phlean Straitéisigh seo, beidh impleachtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha ag Brexit ar struchtúr gheilleagar na hÉireann agus ar an gcóras trádála. De bhreis air sin, tá leathnú suntasach ag teacht de thoradh Brexit ar thacar na ngnólachtaí atá ag iarraidh Éire a úsáid mar bhunáit chun freastal ar chóras airgeadais AE27 agus caithfear athsmaoineamh a dhéanamh de thoradh Brexit ar an gcreat iomchuí chun rialáil a dhéanamh ar thrádáil i seirbhísí airgeadais idir AE27 agus suíomhanna eile (lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe). Is ardtosaíocht straitéiseach don Bhanc Ceannais í iarmhairt Brexit a láimhseáil go rathúil ar fud ár gcuid sainorduithe baincéireachta ceannais agus rialála.
- An dúshlán eile is ea cur chuige nua a chur chun feidhme maidir le rialáil iompair airgeadais. Le deich mbliana anuas, chonacthas raon leathan scannal ar fud an domhain a bhain le mí-iompar airgeadais, fad a léiríodh san Imscrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin an damáiste is féidir le mí-iompar na mbanc intíre a dhéanamh do thomhaltóirí Éireannacha. Tá sé mar thiomantas straitéiseach againn rialáil fheabhsaithe a dhéanamh ar iompar gnólachtaí rialáilte[1] agus ar fheidhmiú margaí airgeadais d'fhonn tomhaltóirí agus infheisteoirí a chosaint. Ina theannta sin, tá sé i gceist againn raon feidhme na rialála ar iompar airgeadais a leathnú, agus is gá infheistíocht chomhthreomhar a dhéanamh sa rialáil ar iompar mórdhíola de thoradh an leathnaithe ar thrádáil airgeadais mhórdhíola de thoradh Brexit.

*"An príomhdhúshlán atá ann sa chéad chéim eile seo is ea a áirithiú go n-éiríonn leis an gcreat beartais nua trí chobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadaisa choimirciú"*

1. Cuimsíonn gnólachtaí rialáilte na heintitis agus na daoine aonair go léir a bhíonn á rialáil ag Banc Ceannais na hÉireann.



An Gobharnóir, Philip R. Lane

Tuigimid go bhfuil dlúthcheangal idir rialáil stuamachta agus rialáil iompair. Is bagairt thromchúiseach do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí iad gnólachtaí nach bhfuil fónta ó thaobh airgeadais de. Ar an gcaoi chéanna, aithnímid go bhfuil dlúthcheangal idir cobhsaíocht macra-airgeadais agus rialáil iompair: tuigeann pobal na hÉireann go maith an dochar a dhéanann éagobhsaíocht shistéamach do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go bhfeidhmeoimid mar Aon Bhanc Amháin agus sinn ag obair i ndlúthchomhar lena chéile ar fud na heagraíochta chun déileáil leis na rioscaí agus dúshláin atá romhainn i gcomhlíonadh ár sainordaithe.

Le comhdhlúthú fhorbairt an Bhainc Ceannais, cruthófar cobhsaíocht níos fearr sa bhuiséad foriomlán oibriúcháin agus i soláthar foirne. Cé go mbeidh gá le leathnú glan teoranta ar an líon foirne de thoradh Brexit agus an leathnaithe ar rialáil iompair airgeadais, beidh gá go príomha le hath-imlonnú comhaltaí foirne reatha agus le tosaíocht a bhaint de chúraimí reatha áirithe i bhfianaise cúraimí nua agus tosaíochtaí nua a thiocfaidh chun cinn. I gcomhthráth leis seo, coinneofar srian daingean ar chaiteachas oibríochtúil neamhphá. Tá sé riachtanach go gcobhsófar an buiséad oibríochtúil chun neamhspleáchas fadtéarmach airgeadais an Bhainc Ceannais a áirithiú, fad a theorannófar ráta fadtéarmach an mhéadaithe ar na tobhaigh a fhorchuirtear ar ghnólachtaí rialáilte.

Dá bharr sin, beimid solúbtha i dtaca lenár straitéis a bhaint amach, agus cuirfimid na héilimh iomaíocha in ord tosaíochta, fad a áiritheoimid go mbainfimid ár gcuid bunoibre amach agus go bhfreagróimid d'athruithe sa timpeallacht sheachtrach. Chuige sin, is gá cinntí riosca-bhunaithe a ghlacadh toisc nach mbeidh dóthain daoine againn riamh chun tabhairt faoin obair ar fad is mian linn a dhéanamh; agus beidh orainn cur le cumas agus le scileanna na foirne. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun dúthracht agus tiomantas ár gcomhaltaí foirne a aithint. Tá an obair leanúnach a dhéanann siad chun ár sainordú a chomhlíonadh ríthábhachtach maidir le cur chun feidhme rathúil an Phlean Straitéisigh.

Sa Phlean Straitéiseach seo, foghlaimeoidh tú faoinár bhFís agus faoi na tosaíochtaí téamacha atá againn do na trí bliana atá romhainn. Tá an Plean Straitéiseach roinnte ina dhá chuid. Sa chéad chuid, leagtar amach an straitéis ardleibhéil don Bhanc Ceannais agus folaítear an Misean, an Fhís agus téamaí straitéiseacha. Tá na téamaí seo dlúthnasctha lenár Misean agus lenár bhFís agus rannchuideoidh siad, i dteannta a chéile, le comhlíonadh ár gcuid cuspóirí níos leithne. Sa dara cuid, leagtar amach na tosaíochtaí straitéiseacha faoi gach ceann de na cuspóirí reachtúla atá againn mar aon leis na príomhchuspóirí eagraíochtúla atá againn.

*"Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go bhfeidhmeoimid mar Aon Bhanc Amháin agus sinn ag obair i ndlúthchomhar lena chéile ar fud na heagraíochta chun déileáil leis na rioscaí agus dúshláin atá romhainn i gcomhlíonadh ár sainordaithe."*

«
»


# CUID 1

CLÁR NA nÁBHAR
Réamhrá
Misean, Sainordú agus Fís
Téamaí Straitéiseacha
Athbhreithniú ar Straitéis 2016-2018
Cuspóirí Reachtúla
Cuspóirí Eagraíochtúla

# Misean

## Freastalaíonn Banc Ceannais na hÉireann ar leas an phobail trí chobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a choimirciú agus trína áirithiú go bhfuil an córas airgeadais ag feidhmiú ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus an gheilleagair níos leithne.

Bíonn ról tábhachtach ag an mBanc Ceannais i sochaí na hÉireann agus aithnímid gur gá dúinn ár sainordú a bhaint amach ar an tslí is éifeachtaí. Tá leathnú tagtha ar ról agus ar fhreagrachtaí an Bhainc Ceannais thar na blianta ó thrath a bhunaithe in 1943. Is gné lárnach dár gcuid oibre é bheith ag freastal ar leas an phobail agus léirítear é sin inár Ráiteas Misin. De bhreis air sin, aithnítear sa Ráiteas Misin an ról tábhachtach atá ag an mBanc Ceannais i dtaca le cobhsaíocht a choimirciú agus lena áirithiú go bhfuil an córas airgeadais ag obair ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus leas an gheilleagair níos leithne.




«
»

# Sainordú

## Le linn dó a fheidhmeanna a chomhall agus a chumhachtaí a fheidhmiú mar chuid den Chóras Eorpach Banc Ceannais, tá sé mar phríomhchuspóir ag an mBanc Ceannais cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun.

## Tá na cuspóirí reachtúla seo a leanas ag an mBanc Ceannais freisin:






### Cobhsaíocht Praghsanna

Mar chuid den Chóras Eorpach Banc Ceannais, tá sé mar phríomhchuspóir ag an mBanc Ceannais cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun.



### Cobhsaíocht Airgeadais

Cobhsaíocht an chórais airgeadais fhoriomláin.



### Réiteach

Deacrachtaí airgeadais in institiúidí creidmheasa, i ngnólachtaí infheistíochta agus i gcomhair chreidmheasa áirithe a réiteach.



### Rialáil Airgeadais

Rialáil chuí, éifeachtach a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais agus ar mhargaí, agus é á chinntiú ag an am céanna go gcosnófar leas tomhaltóirí seirbhísí airgeadais.



### Íocaíochtaí, Socraíochtaí agus Airgeadra

Feidhmiú éifeachtach, éifeachtúil na gcóras íocaíochta agus socraíochta.



### Anailís Eacnamaíoch agus Staidreamh


Anailís agus trácht a chur ar fáil chun tacú le forbairt beartais náisiúnta eacnamaíoch.

**Cibé feidhmeanna agus cumhachtaí eile arna dtabhairt dó le dlí a chomhall, lena n-áirítear:**

Oibriú an Phríomh-Chláir Creidmheasa, na Scéime Ráthaíochta Taiscí agus an Chiste Cúitimh Árachais.

**Tá tuilleadh eolais ar cé muid féin agus an méid a dhéanaimid ar fáil ar ár láithreán gréasáin www.centralbank.ie.**

# Fís



**Tá an Banc Ceannais tiomanta do bheith ina eagraíocht neamhspleách, neamhbhalbh, thábhachtach a mbeidh an fhís inspreagthach, shoiléir, dhúshlánach seo a leanas aige:**

**Aon Bhanc Amháin: Muinín ag an bPobal asainn, Meas ag ár bPiaraí orainn, Ionad Oibre Sásúil don Fhoireann**



## Muinín ag an bPobal asainn

Eagraíocht a bhfuil muinín aisti agus atá ag obair ar mhaithe le leas an phobail ar mhodh trédhearcach, éifeachtach, cuntasach.



## Meas ag ár bPiaraí orainn

Breathnóidh ár bpiaraí in Éirinn agus thar lear orainn mar eagraíocht inchreidte a bhíonn ag obair go dearfach chun na torthaí is fearr don phobal a mhúnlú agus chun tionchar a imirt orthu.



## Ionad Oibre Sásúil don Fhoireann

Áit ina mbeidh ár gcomhaltaí foirne tiomanta don sármhaitheas le linn dóibh ár sainordú a bhaint amach, áit ina mbeidh an deis acu gairmeacha beatha sásúla a bheith acu agus barr a gcumais a bhaint amach, agus ina mbeidh ardmheas orthu i dtimpeallacht a thacaíonn le héagsúlacht agus le hiomchuimsiú.

# Plean Straitéiseach Trí Bliana

Faoi Alt 32B d'Acht an Bhainc Cheannais 1942, ceanglaítear ar an mBanc Ceannais plean straitéiseach a chur ar fáil gach trí bliana. Is ar bhonn ár Misin, ár Sainordaithe agus ár bhFíse a ullmhaíonn an Banc Ceannais an Plean Straitéiseach agus leagtar amach ann ár gcuid tosaíochtaí, gníomhaíochtaí agus torthaí amach anseo faoi gach ceann dár gcuspóirí. Le forbairt an Phlean Straitéisigh, rannchuidítear le sainaithint na bpríomhthosaíochtaí fadtéarmacha atá ríthábhachtach do ghnóthú ár gcuspóirí agus treoraítear ár gcuid oibre thar gach tréimhse trí bliana. Mar bhonn agus thaca faoi na tosaíochtaí sin, tá gnóthú éifeachtach ár ngníomhaíochtaí ar fud na heagraíochta.

Clúdaíonn an Plean Straitéiseach an tréimhse 2019-2021 agus cuireann sé leis an straitéis reatha sa mhéid go mbeidh roinnt mhaith de na tosaíochtaí agus tionscnaimh reatha fós le feiceáil sna trí bliana atá romhainn. Athbhreithnítear an Plean Straitéiseach ar bhonn bliantúil agus foilsítear tuairisc chun dáta inár dTuarascáil Bhliantúil maidir leis an dul chun cinn atá déanta ina leith.

Forbraíodh an Plean Straitéiseach seo sa chomhthéacs leathan seo a leanas:

- geilleagar atá i mbun fáis agus saothar margaidh atá ag druidim i dtreo na lánfhostaíochta agus atá faoi réir rioscaí suntasacha ar an taobh thíos;
- córas fónta airgeadais ina bhfuil cineálacha nua rioscaí ag teacht chun cinn a bhaineann le nuálaíocht airgeadais, teicneolaíocht, cibear-riosca agus Brexit;
- timpeallacht rialála a bhfuil athchóiriú suntasach déanta uirthi agus a bhfuil próiseas comhdhlúthúcháin tosaithe aici, sa chaoi go leagfar béim níos mó ar chultúr agus iompar gnólachtaí agus ar iompar na ndaoine a riarann na gnólachtaí sin, mar aon le bheith ag déileáil le hiarmhairt an aistrithe chuig teicneolaíochtaí digiteacha agus eile chun seirbhísí airgeadais a sholáthar;
- an tábhacht a bhaineann le hoscailteacht, trédhearcacht agus cuntasacht comhlachtaí neamhspleácha san earnáil phoiblí.

Le linn dúinn an Plean Straitéiseach seo a fhobairt, rinneamar athbhreithniú cuimsitheach ar ár straitéis reatha mar aon le measúnú ar na rioscaí agus dúshláin do chomhlíonadh rathúil ár sainordaithe. Ina theannta sin, chuamar i dteagmháil leis an bpobal, leis an nGrúpa Comhairleach do Thomhaltóirí agus lenár gcomhaltaí foirne féin sa Bhanc Ceannais chun treo na straitéise a fhoirmiú. Sa Phlean Straitéiseach seo, tá cúig théama straitéiseacha sainaitheanta againn a bheidh ríthábhachtach chun ár sainordú a bhaint amach go

**5 THÉAMA STRAITÉISEACHA**

Is iad seo a leanas na cúig théama straitéiseacha:

**Le linn dúinn na príomhghníomhaíochtaí a bhaint amach faoi na téarmaí seo, táimid tiomanta do bheith ag obair as lámha a chéile agus tacú lena chéile mar Aon Bhanc Amháin chun torthaí inmhianaithe a bhaint amach go héifeachtach.**

2. Bunaíodh an Grúpa Comhairleach do Thomhaltóirí faoin Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010 agus tugann sé comhairle don Bhanc Ceannais maidir le comhlíonadh a chuid feidhmeanna agus maidir le feidhmiú a chuid cumhachtaí i ndáil le tomhaltóirí seibhísí airgeadais.

# Téamaí Straitéiseacha



## 5 THÉAMA STRAITÉISEACHA

### Athléimneacht a Neartú

Go mbeidh cumas níos fearr ag an gcóras airgeadais turraingí seachtracha agus géarchéimeanna amach anseo a sheasamh.

### Brexit

Go ndéanfar na rioscaí atá ag bagairt ar an ngeilleagar, ar an gcóras airgeadais, ar an timpeallacht rialála agus ar chosaint tomhaltóirí de thoradh Brexit a mhaolú.

### Cosaint Tomhaltóirí a Neartú

Go ndéanfar leas tomhaltóirí a chosaint agus go bhfeabhsófar muinín agus iontaoibh sa chóras airgeadais trí rialáil éifeachtach a dhéanamh ar ghnólachtaí agus ar mhargaí.

### Cumas Eagraíochtúil a Fheabhsú

Go dtacóidh ár gcultúr, ár n-acmhainní agus ár gcumas le comhlíonadh ár sainordaithe ar mhodh éifeachtach, éifeachtúil fad a chloífimid leis na caighdeáin is airde rialachais agus bainistíochta riosca.

### Rannpháirtíocht agus Tionchar a imirt

Go mbeidh rannpháirtíocht againn leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara agus go n-éistfimid leo chun ár gcuid oibre a fhoirmiú agus chun muinín sa Bhanc Ceannais agus tuiscint ar an mBanc Ceannais a fheabhsú.

Go mbeidh tionchar á imirt againn ar chinntí tábhachtacha agus ar bheartais san Eoraip agus go hidirnáisiúnta.

«
»

## Téama Straitéiseach:

# Athléimneacht a Neartú

**Toradh Inmhianaithe:** Go mbeidh cumas níos fearr ag an gcóras airgeadais turraingí seachtracha agus géarchéimeanna amach anseo a sheasamh.

**Tá bail níos fearr anois ar an ngeilleagar, ar an gcóras airgeadais agus ar an earnáil baincéireachta intíre ó thaobh téarnaimh agus fáis de. D'ainneoin na bhforbairtí dearfacha seo le blianta beaga anuas, tá dúshláin ann i gcónaí. Ina theannta sin, tá Éire neamhchosanta ar rioscaí atá ag teacht chun cinn sa gheilleagar intíre agus sa timpeallacht sheachtrach araon. Tá sé tábhachtach go ndéanfar athléimneacht an chórais airgeadais a neartú tuilleadh agus rioscaí sa chóras airgeadais a mhaolú tuilleadh sa chaoi go mbeidh sé ábalta turraingí agus géarchéimeanna amach anseo a sheasamh agus go maolófar iarmhairt na dteagmhas sin.**

**Déanfaimid amhlaidh ar an gcaoi seo a leanas:**

- Faireachán géar a dhéanamh ar na bagairtí atá ann don chobhsaíocht airgeadais agus uirlisí beartais macrastuamachta a chalabrú, lena n-áirítear cúlchistí fritimthriallacha agus bearta morgáiste, de réir mar is gá, chun cobhsaíocht a choimeád ar bun.
- Maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar ghnólachtaí agus ar mhargaí a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt don chobhsaíocht airgeadais chun a áirithiú go bhfuil siad deabhainistithe agus fónta ó thaobh airgeadais de.
- Leanúint d'aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí agus laigí reatha ón ngéarchéim airgeadais, go háirithe cinn a bhaineann le riaráistí morgáiste agus le hiasachtaí neamhthuillmheacha.
- Ár n-ullmhacht agus ár gcumas bainistíochta ó thaobh géarchéimeanna airgeadais a fheabhsú.
- Ullmhú do chliseadh gnólachtaí rialáilte agus bainistíocht a dhéanamh ar an gcéanna ar mhodh ordúil chun a áirithiú go n-íoslaghdófar an cur isteach ar chobhsaíocht airgeadais, ar an ngeilleagar agus ar thomhaltóirí, fad a bheimid ag obair i ndlúthchomhar leis an mBord Réitigh Aonair i dtaca le gnólachtaí a thagann faoina raon feidhme.

«
»

## Téama Straitéiseach:

# Brexit

**Toradh Inmhianaithe: Go ndéanfar na rioscaí atá ag bagairt ar an ngeilleagar, ar an gcóras airgeadais, ar an timpeallacht rialála agus ar chosaint tomhaltóirí de thoradh Brexit a mhaolú.**

**Is dúshlán suntasach d'Éirinn é Brexit sa mhéid go mbaineann rioscaí leis don gheilleagar, don chóras airgeadais, don timpeallacht rialála agus do chosaint tomhaltóirí. Beidh sé mar phríomhthosaíocht againn i gcónaí déileáil le hiarmhairtí láithreacha agus le hiarmhairtí fadtéarmacha Brexit. Ina theannta sin, ní mór dúinn leanúint de rannpháirtíocht a bheith againn maidir le forbairt leanúnach an mhargaidh aonair i seirbhísí airgeadais i ndiaidh Brexit. Beidh dlúthchomhar ann idir ár gcuid Piléar go léir - Baincéireacht Cheannais, Rialáil Stuamachta agus Iompar Airgeadais - chun faireachán agus bainistíocht a dhéanamh ar raon leathan na rioscaí a bhaineann le Brexit.**

**Déanfaimid amhlaidh ar an gcaoi seo a leanas:**

- Déanfaimid taighde agus anailís fhianaise-bhunaithe ar na rioscaí ionchasacha a eascraíonn as Brexit agus cuirfimid na tátail in iúl do pháirtithe leasmhara agus lucht déanta beartais ar bhealach éifeachtach.
- Feabhsóimid ár n-uirlisí rialála agus ár gcur chuige maoirseachta chun a áirithiú go mbeidh tuiscint ar an gcobhsaíocht airgeadais níos leithne, agus ar rioscaí margaidh agus iompair a bhaineann le cineál, scála agus castacht chóras airgeadais na hÉireann agus go maolófar na rioscaí sin go héifeachtach.
- A áirithiú go mbeidh gnólachtaí rialáilte ullmhaithe go cuí do raon iomlán chásanna Brexit agus go mbeidh leas a dtomhaltóirí á chosaint acu.
- A áirithiú go bhfuil próiseas láidir, éifeachtach um údarú ann do na gnólachtaí go léir a mbeidh údarú á lorg acu, lena n-áirítear na gnólachtaí sin a mbeidh údarú á lorg acu de thoradh Brexit.

## Téama Straitéiseach:

# Cosaint Tomhaltóirí a Neartú

### **Toradh Inmhianaithe:** Go ndéanfar leas tomhaltóirí a chosaint agus go bhfeabhsófar muinín agus iontaoibh as an gcóras airgeadais trí rialáil éifeachtach a dhéanamh ar ghnólachtaí agus ar mhargaí.

**Is bunghné de Mhisean an Bhainc Ceannais é a áirithiú go gcosnófar leas tomhaltóirí agus infheisteoirí. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar cultúr a bheidh dírithe ar thomhaltóirí a leabú i ngnólachtaí chun a áirithiú go bhfreastalóidh siad ar leas agus ar riachtanais tomhaltóirí. Tá sé tábhachtach go mbeidh muinín agus iontaoibh ag tomhaltóirí as gnólachtaí rialáilte agus go mbeidh na gnólachtaí sin ag obair ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí sin. Aithnímid an dochar a dhéantar do thomhaltóirí mura mbíonn iompar na ngnólachtaí sin iomchuí. Aithnímid freisin an tábhacht a bhaineann le dea-rialachas agus fóntacht airgeadais gnólachtaí chun go maolófar na rioscaí do thomhaltóirí. Tá sé i gceist againn díriú ar chosaint tomhaltóirí agus infheisteoirí a neartú tuilleadh.**

**Déanfaimid amhlaidh ar an gcaoi seo a leanas:**

- Ár gcur chuige maidir le rialáil riosca iompair a neartú, ár n-ionchais a leagan amach, agus dúshlán a thabhairt do na gnólachtaí agus do na margaí sin a bhíonn á maoirsiú againn trína cheangal orthu Creat leabaithe Riosca Iompair d'ardchaigheán a bheith i bhfeidhm acu. Beidh gníomhaíocht láidir forfheidhmiúcháin mar bhonn agus thaca faoinár gcumhachtaí i gcónaí chun go gcosnófar tomhaltóirí seirbhísí airgeadais.
- Leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar ár gcur chuige maidir le maoirseacht ar chosaint tomhaltóirí trí mheasúnuithe níos treallúsaí agus níos spriocdhírithe a dhéanamh ar na gnólachtaí agus na táirgí sin a d'fhéadfadh an dochar is mó a dhéanamh do thomhaltóirí.
- Díriú ar chultúr gnólachtaí agus ar chuntasacht aonair na ndaoine sin a riarann gnólachtaí a ndéanaimid rialáil orthu chun ardchaighdeáin iompair a leabú lena mbainfear torthaí córa amach do thomhaltóirí, agus tacú le caighdeán agus cuntasacht aonair a neartú tuilleadh, agus gníomhaíocht a ghlacadh i gcás nach mbeidh na caighdeáin sin á gcomhlíonadh. Déanfaimid athbhreithnithe maoirseachta ar rialachas agus ar chultúir na bainistíochta riosca i ngnólachtaí rialáilte trí obair laethúil mhaoirseachta agus chigireachta.
- Muinín agus iontaoibh as an gcóras airgeadais a fheabhsú trí bhíthin rialáil ardchaighdeáin, rannpháirtíocht fhiúntach, geatóireacht éifeachtach, maoirseacht threallúsach agus forfheidhmiú láidir.
- Tacú leis an gcomhrac i gcoinne sciúradh airgid, i gcoinne maoiniú sceimhlitheoireachta, i gcoinne drochúsáid margaidh agus i gcoinne soláthar neamhúdaraithe seirbhísí airgeadais.

## Téama Straitéiseach:

# Rannpháirtíocht agus Tionchar a imirt

**Toradh Inmhianaithe:** Go mbeidh rannpháirtíocht againn leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara agus go n-éistfimid leo chun ár gcuid oibre a fhoirmiú agus chun muinín sa Bhanc Ceannais agus tuiscint ar an mBanc Ceannais a fheabhsú. Go mbeidh tionchar á imirt againn ar chinntí tábhachtacha agus ar bheartais san Eoraip agus go hidirnáisiúnta.

**D'fhonn ár sainordú a bhaint amach go héifeachtach, bímid ag obair i ndlúthchomhar le comhlachtaí eile, agus bíonn rannpháirtíocht againn leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile in Éirinn agus éistímid leo. Tá sé i gceist againn a bheith oscailte agus trédhearcach agus a bheith freagrach as ár ngníomhaíochtaí. Cuidíonn sé seo leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile tuiscint a shealbhú ar a ndéanaimid agus fios acu go bhfuil ár sainordú á chomhlíonadh againn.**

**Mar bhanc ceannais náisiúnta agus mar údarás inniúil na hÉireann, bímid ag obair mar chuid den chreat Eorpach níos leithne lena n-áirítear an Córas Eorpach Banc Ceannais agus an Córas Eorpach um Maoirseacht Airgeadais. Tá ról suntasach ag an gcreat Eorpach níos leithne, ról a bhíonn ag dul i méid ar bhonn leanúnach, agus tá sé tábhachtach go mbeidh tionchar éifeachtach á imirt againn ar an gclár chun tacú le comhlíonadh ár sainordaithe. Sna trí bliana atá romhainn, díreofar ar fheabhas a chur ar ár rannpháirtíocht straitéiseach leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara anseo in Éirinn agus thar lear.**

**Déanfaimid amhlaidh ar an gcaoi seo a leanas:**

- Rannpháirtíocht a bheith againn leis an bpobal go díreach agus ar líne ar mhodh oscailte, trédhearcach trínár straitéis cumarsáide, trínár bhfeachtas for-rochtana agus nuair a bhíonn seirbhísí á soláthar go díreach againn don phobal.
- Rannpháirtíocht a bheith againn lenár bpríomhpháirtithe intíre ar mhodh oscailte, trédhearcach.
- Rannchuidiú go gníomhach le cinnteoireacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais/an Eurochórais trí bhíthin rannpháirtíocht straitéiseach i gCoistí tábhachtacha an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais/ an Eurochórais.
- Rannpháirtíocht straitéiseach a bheith againn leis an Sásra Maoirseachta Aonair agus leis na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, leis an mBord Eorpach um Riosca Sistéamach agus leis an Sásra Réitigh Aonair i dtaca le treoirlínte, caighdeáin agus modhanna rialála agus réitigh agus le hanailís riosca a fhorbairt mar aon le creataí reachtacha AE agus idirnáisiúnta i ndáil le hearnálacha a bhíonn á rialáil ag an mBanc Ceannais.

CLÁR NA nÁBHAR
Réamhrá
Misean, Sainordú agus Fís
Téamaí Straitéiseacha
Athbhreithniú ar Straitéis 2016-2018
Cuspóirí Reachtúla
Cuspóirí Eagraíochtúla

Athléimneacht a Neartú
Brexit
Cosaint Tomhaltóirí a Neartú
Rannpháirtíocht agus Tionchar a imirt
Cumas Eagraíochtúil a Fheabhsú

## Téama Straitéiseach:

# Cumas Eagraíochtúil a Fheabhsú

**Toradh Inmhianaithe: Go dtacóidh ár gcultúr, ár n-acmhainní agus ár gcumas le comhlíonadh ár sainordaithe ar mhodh éifeachtach, éifeachtúil fad a chloífimid leis na caighdeáin is airde rialachais agus bainistíochta riosca.**

**Tá sainordú leathan, casta ag an mBanc Ceannais agus bímid ag feidhmiú i dtimpeallacht idirghníomhach, dhúshlánach, áit ina mbíonn an cumas inmheánach, riachtanach agus na córais agus próisis inmheánacha, riachtanacha ag teastáil chun an straitéis a bhaint amach go héifeachtach. Is iad ár gcomhaltaí foirne an acmhainn is tábhachtaí atá againn agus tá sé riachtanach go dtacóimid leo agus go gcumasóimid dóibh na scileanna riachtanacha agus an saineolas riachtanach a bheith acu chun na caighdeáin is airde a bhaint amach. Ní mór dúinn a chumasú do chomhaltaí foirne barr a gcumais a bhaint amach i gcultúr ionchuimsitheach ina bhfuil meas ar éagsúlacht.**

**Mar eagraíocht eolasbhunaithe, is gníomhaíocht ríthábhachtach í bainistíocht agus anailís a dhéanamh ar shonraí agus ní mór dua leanúnach a chaitheamh léi.**

**Ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil na struchtúir, na saoráidí, na próisis, na hinniúlachtaí agus teicneolaíochtaí i bhfeidhm chun tacú lenár sainordú a chomhlíonadh go héifeachtach. Ní mór dúinn a chinntiú freisin go ndéanfaimid bainistíocht stuama ar ár gcuid oibríochtaí trí na caighdeáin is airde rialachais, cuntasachta agus bainistíochta riosca a chleachtadh.**

**Déanfaimid amhlaidh ar an gcaoi seo a leanas:**

- Ár Straitéis maidir le Daoine a chur chun feidhme, lena n-áirítear ár gcur chuige maidir le soláthar foirne, foghlaim agus forbairt, forbairt ceannaireachta agus bainistiú tallainne, rud a chumasóidh dár gcomhaltaí foirne a dtiomantais a bhaint amach i dtimpeallacht a thacóidh le héagsúlacht agus le hiomchuimsiú agus a chuirfidh chun cinn iad agus a neartóidh ár gcumas agus ár solúbthacht.
- Infheistíocht shuntasach a dhéanamh inár Straitéis maidir le Sonraí, rud a thacóidh le hanailísíocht agus bainistíocht fheabhsaithe sonraí ar fud na heagraíochta, agus trí chóras bainistíochta doiciméad leictreonach agus taifead leictreonach a chur i bhfeidhm sa Bhanc Ceannais.
- A chinntiú go bhfuil na struchtúir, na saoráidí, na próisis, na hinniúlachtaí agus teicneolaíochtaí i bhfeidhm chun tacú le comhlíonadh éifeachtach ár dtosaíochtaí eagraíochtúla.
- Leanúint de rialachas agus bainistíocht riosca inmheánach a neartú, mar aon le slándáil faisnéise, cibearshlándáil agus ár gcórais slándála agus ár gcumas teacht chugainn féin arís ó thaobh leanúnachas gnó de.
- A áirithiú go mbainfear ár n-oibleagáidí cuntasachta amach trí na caighdeáin is airde trédhearcachta agus soiléireachta a chur i bhfeidhm maidir lenár dtuairisciú reachtúil.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ár bprionsabail agus ár n-iompraíochtaí tosaíochta (lena gcuirtear ár gcultúr inmhianaithe in iúl) agus iad a leabú chun cultúr dearfach a chinntiú lena léireofar ár n-éiteas d'Aon Bhanc Amháin, ár dtiomantas don tseirbhís phoiblí, d'éagsúlacht agus d'ionchuimsiú.

# CUID 2

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

# Athbhreithniú ar Straitéis 2016-2018

## Réamhrá

**Dréachtaíodh Plean Straitéiseach 2016-2018 de chuid an Bhainc Ceannais i gcomhthéacs iarmhairtí na géarchéime agus i gcomhthéacs timpeallacht fhuinniúil beartais. D'ainneoin gur tháinig roinnt dúshlán suntasach nua chun cinn thar an tréimhse sin, bhí raon feidhme Phlean Straitéiseach 2016-2018 fós iomchuí don chuid is mó agus rannchuidigh sé leis an mBanc Ceannais chun freastal ar a shainordú leathan.**

## Freagrachtaí Straitéiseacha

Le linn na tréimhse sin, féachadh lena áirithiú, trí bhíthin bearta neamhchaighdeánacha beartais de chuid BCE, go leanfadh boilsciú de bheith ag gluaiseacht i dtreo aidhm shonraithe na Comhairle Rialaithe, eadhon go mbeadh rátaí boilscithe gar do 2% ach faoina bhun. Cé go bhfuil na glancheannacháin faoin gClár Ceannaigh do Shócmhainní ceaptha teacht chun deiridh faoi mhí na Nollag 2018, tháinig athruithe ar mhéid agus ar chomhdhéanamh chláir chomhardaithe na mBanc Ceannais Náisiúnta dá mbarr agus tá bearta stuama glactha ag an mBanc Ceannais chun na rioscaí a bhaineann lena chlár comhardaithe féin a bhainistiú.

Chuir an Banc Ceannais feabhas ar a chreat beartais macrastuamachta arb é is aidhm dó cobhsaíocht airgeadais a choimirciú agus tomhaltóirí a chosaint. Folaíodh sa mhéid seo caipiteal maolánach breise a bhunú do bhainc agus mionchoigeartú breise a dhéanamh ar na bearta morgáiste atá ceaptha athléimneacht iasachtaithe a fheabhsú agus cleachtais um iasachtú stuama a chur chun cinn. B'fhorbairt eile ina leith sin bunú rathúil an Phríomh-Chláir Creidmheasa. Ina theannta sin, leagadh béim leanúnach ar dhul i ngleic leis an stoc amuigh d'iasachtaí neamhthuillmheacha. Ba ghné thábhachtach eile í an obair a rinneadh i gcomhar le Bord Réitigh Aonair na hEorpa chun a áirithiú go n-íoslaghdófar an gá le maoiniú ón gcáiníocóir chun aon institiúidí airgeadais anásta a réiteach amach anseo. Forbraíodh pleananna réitigh do na bainc Éireannacha go léir. Faoi Chlár Measúnaithe na hEarnála Airgeadais de chuid CAI, tugadh athbhreithniú dearfach ar athléimneacht earnáil airgeadais na hÉireann, ar chreat rialála agus maoirseachta na hÉireann agus ar chumas na hÉireann géarchéimeanna airgeadais a bhainistiú agus a réiteach.

I dtéarmaí na gníomhaíochta maoirseachta, ba thréimhse fhíorghnóthach ó thaobh foirmiú agus trasuíomh beartais í de réir mar a bhí cur chuige maoirseachta na hÉireann á ailíniú go dlúth le cur chuige maoirseachta na hEorpa. Rinneadh bearta suntasacha rialála nua, amhail Sócmhainneacht II, an Treoir um Margaí in Ionstraimí Airgeadais (MiFID II), an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach Banc agus an Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta II (PSD2), a thabhairt isteach go rathúil. Cuireadh go leor feabhsuithe ar rannpháirtíocht réamhghníomhach maoirseachta ar fud na n-earnálacha go léir, lena n-áirítear baincéireacht, mar chuid de Shásra Maoirseachta Aonair BCE.

D'fhonn freastal níos fearr ar na héilimh rialála atá ag dul i méid, rinneadh athstruchtúrú suntasach laistigh den Bhanc Ceannais le linn na tréimhse seo, sa mhéid gur atheagraíodh na stiúrthóireachtaí maoirseachta agus gur bunaíodh na Piléir nua um Rialáil Stuamachta agus Iompar Airgeadais. D'fhorbair an Banc Ceannais straitéis nua maidir le hiompar airgeadais d'fhonn na cosaintí do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí a fheabhsú tuilleadh. Ar na príomhréimsí oibre, áirítear an tImscrúdú ar Mhorgáistí Rianúcháin. Mhair sé seo tréimhse iomlán na pleanála straitéisí agus ba chúram casta é a bhí dian ar acmhainní. De thoradh an imscrúdaithe seo, cuireadh sásamh agus cúiteamh suntasach ar fáil do chustaiméirí a ndearnadh difear dóibh. Ina theannta sin, leagadh béim ar iompraíochtaí diúltacha cultúir san earnáil baincéireachta. Rinne an Banc Ceannais athbhreithniú cuimsitheach ar chultúr sna cúig phríomhbhanc Éireannacha miondíola a chur i gcrích agus a fhoilsiú. Eisíodh tátail shonracha chuig gach iasachtóir agus iarradh orthu saincheisteanna áirithe a réiteach. Lean an Banc Ceannais le cur chugie inchreidte, éifeachtach maidir le forfheidhmiú le linn na tréimhse seo freisin.

### Dúshláin agus Rioscaí

B'éigean don Bhanc Ceannais dul i ngleic le dúshláin nua le linn na tréimhse seo. Ba phríomhthosaíocht é na rioscaí eacnamaíocha agus airgeadais arna n-eascairt as Brexit a bhainistiú. Chlúdaigh sé seo iliomad feidhmeanna sa Bhanc Ceannais. Bhí sé á chomhordú ag Tascfhórsa Brexit agus áiríodh ann anailís fhairsing shaineolach agus rannpháirtíocht maoirseachta, sa chaoi gur áirithíodh go raibh ullmhúcháin iomchuí agus pleananna teagmhasacha á ndéanamh ag gnólachtaí maoirsithe. Ina theannta sin, chuir an Banc Ceannais a anailís leanúnach agus a thuairimí féin ar fáil do lucht déanta beartas intíre. Ba ghné shuntasach den ualach oibre maidir le Brexit é bheith ag déileáil le hiarratais ar údarú ar fud na n-earnálacha go léir, lena n-áirítear seirbhísí airgeadais móra, casta, agus i gcásanna áirithe, seirbhísí airgeadais nua d'Éirinn, amhail déileálaithe bróicéireachta agus gnólachtaí bonneagair margaidh.

### Cumasóirí Straitéiseacha

Ba thréimhse mhór fáis don Bhanc Ceannais í an tréimhse 2016-2018 de thoradh a shainordaithe níos leithne, cur chuige níos déine maidir le maoirseachta agus ó thaobh dul i ngleic leis na dúshláin arna n-eascairt as Brexit. Tháinig méadú um 27 faoin gcéad ar an lucht foirne le linn na tréimhse seo. Rinne an Banc Ceannais a chuid cóiríochta i lár na cathrach a thabhairt le chéile trí Champas nua na nDugthailte a bhunú. De bhreis air sin, rinneadh infheistíocht shuntasach i dteicneolaíocht agus leagadh béim fheabhsaithe ar fhorbairt foirne agus ar éagsúlacht agus iomchuimsiú chun a áirithiú go raibh na scileanna agus cumas iomchuí ar fáil. Cuireadh feabhas ar bhainistíocht sonraí trí Straitéis Sonraí a fhorbairt. Ina theannta sin, chuir an Banc Ceannais feabhas ar a chur chuige maidir le trédhearcacht agus le cuntasacht le linn na tréimhse seo. Cuimsíodh sa mhéid sin, athbhreithniú ar rialachas lena n-áirítear glacadh an Chóid Cleachtais nua um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Leagadh béim bhreise ar chumarsáid, lena n-áirítear suíomh gréasáin nua don Bhanc Ceannais a dhearadh agus a sheoladh agus feachtais for-rochtana phoiblí.

### Tátal


Chomhlíon an Banc Ceannais a phríomhchuspóirí faoi Phlean Straitéiseach 2016-2018, fad a bhí sé ag déileáil le forbairtí, dúshláin agus rioscaí nua, amhail Brexit agus cur chuige atá á fhorbairt maidir le maoirseacht ar iompar airgeadais. Beidh go leor de na príomhréimsí béime ó Phlean Straitéiseach 2016-2018 fós le feiceáil sa tréimhse atá romhainn de réir mar a leanfaidh an Banc Ceannais lena chuid oibre chun a fheidhmeanna lárnacha a bhaint amach.

«
»

# Ár gCuspóirí Reachtúla

## Le linn dó a fheidhmeanna a chomhall agus a chumhachtaí a fheidhmiú mar chuid den Chóras Eorpach Banc Ceannais, tá sé mar phríomhchuspóir ag an mBanc Ceannais cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun.

## Tá na cuspóirí reachtúla seo a leanas ag an mBanc Ceannais freisin:



### Cobhsaíocht Praghsanna

Mar chuid den Chóras Eorpach Banc Ceannais, tá sé mar phríomhchuspóir ag an mBanc Ceannais cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun.

### Cobhsaíocht Airgeadais

Cobhsaíocht an chórais airgeadais fhoriomláin.

### Réiteach

Deacrachtaí airgeadais in institiúidí creidmheasa, i ngnólachtaí infheistíochta agus i gcomhair chreidmheasa áirithe a réiteach.

### Rialáil Airgeadais

Rialáil chuí, éifeachtach a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais agus ar mhargaí, agus é á chinntiú ag an am céanna go gcosnófar leas tomhaltóirí seirbhísí airgeadais.

### Íocaíochtaí, Socraíochtaí agus Airgeadra

Feidhmiú éifeachtach, éifeachtúil na gcóras íocaíochta agus socraíochta.

### Anailís Eacnamaíoch agus Staidreamh

Anailís agus trácht a chur ar fáil chun tacú le forbairt beartais náisiúnta eacnamaíoch.

**Cibé feidhmeanna agus cumhachtaí eile arna dtabhairt dó le dlí a chomhall, lena n-áirítear:**

Oibriú an Phríomh-Chláir Creidmheasa, na Scéime Ráthaíochta Taiscí agus an Chiste Cúitimh Árachais.

**Tá tuilleadh eolais ar cé muid féin agus an méid a dhéanaimid ar fáil ar ár láithreán gréasáin www.centralbank.ie.**

CLÁR NA nÁBHAR
Réamhrá
Misean, Sainordú agus Fís
Téamaí Straitéiseacha
Athbhreithniú ar Straitéis 2016-2018
Cuspóirí Reachtúla
Cuspóirí Eagraíochtúla

Cobhsaíocht Praghsanna
Cobhsaíocht Airgeadais
Réiteach
Rialáil Airgeadais
Íocaíochtaí, Socraíochtaí agus Airgeadra
Anailís Eacnamaíoch agus Staidreamh

# Ár Sainordú Reachtúil: Cobhsaíocht Praghsanna

## Toradh Inmhianaithe: "Mar chuid den Chóras Eorpach Banc Ceannais, tá sé mar phríomhchuspóir ag an mBanc Ceannais cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun."

**Sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tugtar an cuspóir príomhúil seo do Bhainc Cheannais Náisiúnta uile an Eurochórais. Tá Comhairle Rialaithe BCE freagrach as beartas airgeadaíochta a shocrú sa limistéar euro. Cuireann an Banc Ceannais tacaíocht agus anailís ar fáil don Ghobharnóir ina cháil mar chomhalta den Chomhairle Rialaithe agus cuireann sé cinntí beartais airgeadaíochta na Comhairle Rialaithe chun feidhme. Is iad na Bainc Cheannais Náisiúnta i dteannta le BCE atá freagrach as an mbeartas airgeadaíochta aonair a chur chun feidhme don aontas airgeadra agus é mar chuspóir príomhúil acu cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun.**

**Gníomhaíochtaí Lárnacha:**

### Measúnú ar Bheartas Airgeadaíochta

Déanfaimid géarmheasúnú ar iarmhairt na timpeallachta beartais airgeadaíochta ar dhálaí maicreacanamaíocha agus airgeadais.

### Athbhreithniú ar an gCreat Beartais Airgeadaíochta

Ar choistí BCE, déanfaimid ár gcuid i ndáil le hathbhreithniú BCE ar an gcreat beartais airgeadaíochta.

### Rannchuidiú go héifeachtach le Foirmiú Beartais Airgeadaíochta

Rannchuideoimid go héifeachtach le foirmiú beartais airgeadaíochta trínár rannpháirtíocht straitéiseach i gcoistí lárnacha an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais/ an Eurochórais.

### Beartas Airgeadaíochta a chur chun feidhme go héifeachtúil

Tacóimid go héifeachtúil le cur chun feidhme beartais airgeadaíochta trínár gcuid feidhmeanna oibríochtaí airgeadais.

**Torthaí Inmhianaithe:**

- Go mbeimid ag rannchuidiú go héifeachtach le foirmiú beartais airgeadaíochta.
- Go mbeimid ullamh ó thaobh oibríochta de chun aon ghnéithe nua den chreat beartais airgeadaíochta a chur chun feidhme.

«
»

# Ár Sainordú Reachtúil: Cobhsaíocht Airgeadais

## Toradh Inmhianaithe: "Cobhsaíocht an chórais airgeadais fhoriomláin."

**Tá sainordú ag an mBanc Ceannais i reachtaíocht intíre agus sa reachtaíocht Eorpach chun rannchuidiú le cobhsaíocht airgeadais in Éirinn agus ar fud an limistéir euro, rud a dhéanann sé i gcomhar le húdaráis ábhartha eile. D'fhonn a shainordú a bhaint amach, déanann an Banc Ceannais beartais a shainaithint agus a chur chun feidhme agus déanann sé faireachán orthu chun iarmhairt rioscaí sistéamacha ar an gcóras airgeadais agus ar an ngeilleagar araon a theorannú. Mar údarás macrastuamachta na hÉireann, díríonn an Banc Ceannais ar rioscaí ar fud an chórais a mhaolú d'fhonn athléimneacht chóras airgeadais na hÉireann a mhéadú.**

**Gníomhaíochtaí Lárnacha:**

### Beartas Macrastuamachta

Déanfaimid faireachán géar ar na bagairtí atá ann don chobhsaíocht airgeadais agus calabróimid uirlisí beartais macrastuamachta, lena n-áirítear cúlchistí fritimthriallacha agus bearta morgáiste, de réir mar is gá, chun cobhsaíocht a choimeád ar bun.

### Ár gCumas Anailíse Sonraí a Fhorbairt

D'fhonn rioscaí atá ag teacht chun cinn agus carnadh na rioscaí sin le himeacht ama a shainaithint, agus chun ceapadh beartais ar bhonn inmheánach agus seachtrach araon a fhoirmiú:

- Feabhsóimid ár n-anailís ar shreafaí airgeadais idirnáisiúnta agus ar nascálacha trasteorann;
- Méadóimid ár gcumas anailísíochta sonraí agus an úsáid a bhainimid as anailísíocht sonraí ar fud na rialála airgeadais;
- Neartóimid an faireachán agus an anailís a dhéanaimid ar an earnáil airgeadais margadhbhunaithe chun rioscaí do chobhsaíocht airgeadais a shainaithint; agus
- Bainfimid úsáid as aon léargas a thugann an Príomh-Chlár Creidmheasa, AnaCredit agus sonraí airgeadais neamhbhainc ar shonraí creidmheasa.

### Athléimneacht Gnólachtaí Rialáilte a Neartú

Déanfaimid maoirseacht éifeachtach ar ghnólachtaí agus ar mhargaí a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt don chobhsaíocht airgeadais chun a áirithiú go bhfuil siad deabhainistithe agus fónta ó thaobh airgeadais de.

Leanfaimid d'aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí agus laigí reatha ón ngéarchéim airgeadais, go háirithe cinn a bhaineann le riaráistí morgáiste agus le hiasachtaí neamhthuillmheacha.

# Ár Sainordú Reachtúil:



## Cobhsaíocht Airgeadais *ar lean...*

### Ullmhacht do Ghéarchéim Airgeadais

Cuirfimid feabhas ar ár n-ullmhacht agus ár gcumas bainistíochta ó thaobh géarchéimeanna airgeadais. Beidh rannpháirtíocht againn le gníomhaireachtaí eile ar leibhéal náisiúnta, ar leibhéal Eorpach agus ar leibhéal idirnáisiúnta, agus le príomhpháirtithe leasmhara san earnáil airgeadais, chun cur le cumas na hearnála airgeadais níos leithne freagairt a thabhairt ar ghéarchéimeanna.

**Torthaí Inmhianaithe:**

- Go mbeidh athléimneacht an chórais airgeadais neartaithe d'fhonn turraingí amach anseo a sheasamh.
- Go bhfeabhsófar an úsáid a bhaintear as sonraí chun cinntí agus ceapadh beartais a fhoirmiú.
- Go mbeidh socruithe éifeachtacha bainistíochta géarchéime i bhfeidhm a thacóidh leis an mBanc Ceannais agus le príomhpháirtithe leasmhara eile in earnáil airgeadais na hÉireann chun an fhreagairt ar aon ghéarchéim ionchasach airgeadais a bhainistiú.

# Ár Sainordú Reachtúil: Réiteach

## Toradh Inmhianaithe: "Deacrachtaí airgeadais in institiúidí creidmheasa, i ngnólachtaí infheistíochta agus i gcomhair chreidmheasa áirithe a réiteach."

**Is é an Banc Ceannais Údarás Réitigh Náisiúnta na hÉireann agus tá sé freagrach as institiúidí creidmheasa, gnólachtaí infheistíochta agus comhair chreidmheasa áirithe atá i mbéal cliseadh a réiteach ar mhodh ordúil. Bíonn sé ag obair i gcomhair leis an mBord Réitigh Aonair i gcomhréir le SRA i leith na n-institiúidí creidmheasa a thagann faoi raon feidhme an Bhoird Réitigh Aonair. Aithnímid go bhféadfaidh go gclisfidh gnólachtaí rialáilte agus féachaimid lena chinntiú go dtarlóidh sé sin ar mhodh ordúil.**

**Gníomhaíochtaí Lárnacha:**

### Ullmhacht chun Réitigh

Ullmhóimid do chliseadh gnólachtaí ábhartha rialáilte agus bainisteoimid an céanna ar mhodh ordúil chun a áirithiú go n-íoslaghdófar an cur isteach ar chobhsaíocht airgeadais, ar an ngeilleagar agus ar thomhaltóirí.

Cinnteoimid go bhfeabhsóidh gnólachtaí ábhartha rialáilte a gcumas chun teacht as deacracht airgeadais, agus go gcuirfidh siad tuilleadh feabhais ar a phleananna réitigh, sa chaoi go mbeimid ábalta gnólachtaí atá i mbun cliseadh a réiteach ar mhodh a íoslaghdóidh seachtrachtaí.

### Rannpháirtíocht leis an Sásra Réitigh Aonair agus Tionchar a imirt air

Beidh rannpháirtíocht straitéiseach againn leis an mBord Réitigh Aonair agus leis na hÚdaráis Eorpacha i dtaca le creat réitigh AE a chur chun feidhme agus a fhorbairt tuilleadh.

**Torthaí Inmhianaithe:**

- Go measfar go bhfuil gnólachtaí ábhartha rialáilte inréitithe agus go mbeidh an Banc Ceannais ullamh chun bainistiú a dhéanamh ar chliseadh gnólachta sa chaoi go n-íoslaghdófar an iarmhairt ar chobhsaíocht airgeadais, ar an ngeilleagar agus ar thomhaltóirí.
- Go mbeidh gnólachtaí rialáilte ábhartha ullamh deacrachtaí tromchúiseacha airgeadais a bhainistiú agus teacht astu.
- Go mbeidh tionchar á imirt againn go straitéiseach ar chur chun feidhme agus ar fhorbairt chreat réitigh AE.

## Ár Sainordú Reachtúil:
# Rialáil Airgeadais

## Toradh Inmhianaithe: "Rialáil chuí, éifeachtach a dhéanamh ar institiúidí agus ar mhargaí airgeadais, agus é á chinntiú ag an am céanna go gcosnófar tomhaltóirí seirbhísí airgeadais."

**Féachann an Banc Ceannais le córas iontaofa, athléimneach seirbhísí airgeadais a bhaint amach, lena bhfreastalófar ar mhodh inbhuanaithe ar riachtanais an gheilleagair níos leithne agus a chuid custaiméirí, agus ina gcloífidh gnólachtaí rialáilte agus daoine aonair le cultúr na cothroime agus na n-ardchaighdeán.**

**Comhlíonaimid ár gcuid dualgas trí chreat láidir rialála, agus cuirimid geatóireacht éifeachtach agus maoirseacht threallúsach ar fáil a mbíonn iombhagairt inchreidte forfheidhmiúcháin mar bhonn taca fúthu.**

**Gníomhaíochtaí Lárnacha:**

### Dul i ngleic le Rioscaí trí Mhaoirseacht Éifeachtach

Beimid i mbun oibre chun a chinntiú go ndéanfar maoirseacht iomchuí, éifeachtach ar na gnólachtaí go léir a ndéanaimid rialáil orthu.

Cuirfimid feabhsuithe breise chun cinn maidir le rialachas agus bainistíocht riosca gnólachtaí rialáilte lena n-áirítear athléimneacht TF a bhunú agus éagsúlacht agus iomchuimsiú a fheabhsú.

### Nuálaíocht Airgeadais

Aithneoimid na rioscaí, deiseanna agus dúshláin atá ag teacht chun cinn de thoradh nuálaíocht airgeadais (Fintech) agus na timpeallachta teicneolaíochta a bhíonn ag athrú go tapa, is timpeallacht ina mbímid féin agus na gólachtaí agus daoine aonair a ndéanaimid maoirseacht orthu ag feidhmiú, agus gníomhóimid dá réir.

### An Creat Rialála agus Maoirseachta a Fheabhsú

Forbróimid an creat rialála agus beartais chun dul i ngleic le haon bhearnaí agus feabhsóimid feidhmiú an chreata sin agus bainfimid tairbhe as na sonraí méadaithe agus as an gcumas anailíseach méadaithe, as speisialaithe riosca agus as gníomhaíocht chigireachta spriocdhírithe chun ár gcur chuige maoirseachta a fheabhsú.

### Rioscaí Brexit a Mhaolú agus Ullmhacht Gnólachta Nua agus Reatha a Áirithiú

Cuirfimid feabhas breise ar ár n-uirlisí rialála agus ár gcur chuige maoirseachta chun a áirithiú go mbeidh tuiscint ar an gcobhsaíocht airgeadais níos leithne, agus ar rioscaí margaidh agus iompair a bhaineann le cineál, scála agus castacht chóras airgeadais na hÉireann agus go maolófar na rioscaí sin go héifeachtach.

Áiritheoimid go mbeidh gnólachtaí rialáilte ullmhaithe go cuí do raon iomlán chásanna Brexit agus go mbeidh leas a dtomhaltóirí á chosaint acu.

Áiritheoimid go mbeidh próiseas láidir, éifeachtach um údarú ann do na gnólachtaí go léir a mbeidh údarú á lorg acu, lena n-áirítear na gnólachtaí sin a mbeidh údarú á lorg acu de thoradh Brexit.

# Ár Sainordú Reachtúil:

## **Rialáil Airgeadais** *ar lean...*

### Cur chuige Sistéamach, Dúshlánach a bhunú maidir le Rialáil Iompair Airgeadais

Neartóimid ár gcur chuige maidir le rialáil riosca iompair, leagfaimid síos ár gcuid ionchas, agus tabharfaimid dúshlán do na gnólachtaí agus na margaí sin a bhíonn á maoirsiú againn, trína cheangal orthu Creat Riosca Iompair ardchaighdeáin, lánleabaithe a bheith i bhfeidhm acu. Beidh gníomhaíocht láidir an fhorfheidhmiúcháin mar bhonn agus thaca ag ár gcumhachtaí i gcónaí chun go gcosnófar tomhaltóirí seirbhísí airgeadais agus bainfimid úsáid as ár gcuid cumhachtaí sásaimh i gcás ina mbeidh díobháil déanta ag gnólachtaí.

### Ár gcur chuige maidir le Maoirseacht ar Chosaint Tomhaltóirí a Fhorbairt

Leanfaimid d'fhorbairt a dhéanamh ar ár gcur chuige maidir le maoirseacht ar chosaint tomhaltóirí trí mheasúnuithe níos treallúsaí agus spriocdhírithe a dhéanamh ar na gnólachtaí agus na táirgí sin a d'fhéadfadh an dochar is mó a dhéanamh do thomhaltóirí.

### Béim a leagan ar Chultúr agus ar Chuntasacht Aonair

Leagfaimid béim ar chultúr agus ar chuntasacht aonair na ndaoine sin a riarann na gnólachtaí a ndéanaimid rialáil orthu, chun ardchaighdeáin a leabú iontu lena gcuirfear torthaí córa ar fáil do thomhaltóirí. Gníomhóimid i gcás nach mbeidh na caighdeáin sin á gcomhlíonadh chun go neartófar caighdeáin agus cuntasacht aonair.

Déanfaimid athbhreithnithe maoirseachta ar rialachas agus ar chultúir na bainistíochta riosca i ngnólachtaí rialáilte trí obair laethúil mhaoirseachta agus chigireachta.

### Muinín agus Iontaoibh sa Chóras Airgeadais a Fheabhsú

Feabhsóimid muinín agus iontaoibh sa chóras airgeadais trí bhíthin rialáil ardchaighdeáin, rannpháirtíocht fhiúntach, geatóireacht éifeachtach, maoirseacht threallúsach agus forfheidhmiú láidir.

Tacóimid leis an gcomhrac i gcoinne sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta, drochúsáid margaidh agus soláthar neamhúdaraithe seirbhísí airgeadais.

### Rannpháirtíocht agus Tionchar a Imirt – Caighdeáin Rialála a Fhorbairt

Beidh rannpháirtíocht straitéiseach againn leis an Sásra Maoirseachta Aonair agus leis na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha, i dtaca le treoirlínte, caighdeáin agus modhanna rialála agus le hanailís riosca a fhorbairt, agus beidh rannpháirtíocht straitéisesach againn le comhlachtaí reachtacha AE agus idirnáisiúnta i ndáil le hearnálacha a bhíonn á rialáil ag an mBanc Ceannais.

### Trédhearcacht maidir leis an Tobhach Maoiniúcháin a Fheabhsú

Feabhsóimid trédhearcacht agus intuarthacht maidir leis an tobhach a fhorchuirtear ar ghnólachtaí rialáilte agus leanfaimid de bheith ag gluaiseacht i dtreo 100% dár gcostais rialála a ghnóthú ó ghnólachtaí rialáilte.

« »

# Ár Sainordú Reachtúil:

**Rialáil Airgeadais** *ar lean...*

**Torthaí Inmhianaithe:**

- Go gcosnófar leas tomhaltóirí agus infheisteoirí, agus go n-oibreoidh margaí ar mhodh cóir, ordúil, trédhearcach.
- Go mbeidh feabhas ar mhuinín agus ar iontaoibh sa chóras airgeadais.
- Go mbeidh acmhainní leordhóthanacha airgeadais ag gnólachtaí rialáilte, lena n-áirítear i gcásanna sochreidte anáis, agus go mbeidh samhlacha inbhuanaithe gnó acu go fadtéarmach.
- Go mbeidh na rioscaí arna n-eascairt as Brexit agus as nuálaíocht airgeadais maolaithe trí bhíthin ár gcur chuige maoirseachta.
- Go léireoidh gnólachtaí rialáilte cultúr riosca iomchuí a bheidh dírithe ar thomhaltóirí.
- Go mbeidh ár n-uirlisí rialála agus ár gcur chuige maoirseachta oiriúnach don fheidhm.
- Go mbeidh tionchar straitéiseach á imirt againn ar chinntí tábhachtacha agus ar bheartais san Eoraip agus go hidirnáisiúnta.

«
»

CLÁR NA nÁBHAR | Réamhrá | Misean, Sainordú agus Fís | Téamaí Straitéiseacha | Athbhreithniú ar Straitéis 2016-2018 | Cuspóirí Reachtúla | Cuspóirí Eagraíochtúla

Cobhsaíocht Praghsanna | Cobhsaíocht Airgeadais | Réiteach | Rialáil Airgeadais | Íocaíochtaí, Socraíochtaí agus Airgeadra | Anailís Eacnamaíoch agus Staidreamh

# Ár Sainordú Reachtúil: Íocaíochtaí, Socraíochtaí agus Airgeadra

## Toradh Inmhianaithe: "Feidhmiú éifeachtach, éifeachtúil na gcóras íocaíochta agus socraíochta."

**I gcomhpháirt le BCE agus leis na húdaráis inniúla náisiúnta eile, tá an Banc Ceannais freagrach as a áirithiú go bhfuil córais íocaíochta, socraíochta agus imréitigh sábháilte, athléimneach agus éifeachtúil agus nach mbeidh rochtain ar na córais sin teoranta. Ina theannta sin, áirithíonn an Banc Ceannais go ndéantar nótaí bainc agus bonn agus seirbhísí gaolmhara eile a sholáthar don phobal, rud atá ina phríomhghné de chórais íocaíochta.**

**Gníomhaíochtaí Lárnacha:**

### Forbairtí Íocaíochta agus Socraíochta

Déanfaimid ár gcion i gcomhar le BCE i ndáil le tionscnaimh chun córais íocaíochta agus socraíochta a fheabhsú agus beidh rannpháirtíocht againn le rannpháirtithe i margadh na hÉireann chun a áirithiú go gcuirfear na tionscnaimh sin chun feidhme go rathúil.

### Straitéis a Fhorbairt don Timthriall Náisiúnta Airgid

Beidh rannpháirtíocht againn le páirtithe leasmhara sa timthriall airgid d'fhonn straitéis iomchuí do thimthriall airgid na hÉireann a fhorbairt agus a chur chun feidhme, ar straitéis í a fhreastalóidh ar riachtanais na timpeallachta hibridí atá ag teacht chun cinn d'íocaíochtaí airgid/digiteacha.

### Feabhsuithe ar Chórais Íocaíochta agus Airgeadra

Cuirfimid feabhas ar chórais íocaíochta agus airgeadra an Bhainc Ceannais agus ar phróisis chun rioscaí a mhaolú tuilleadh.

### Cumas Airgeadra

Leanfaimid d'fheabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht ár bhfreagrachtaí agus ár gcumais i ndáil le cúrsaí airgeadra.

**Torthaí Inmhianaithe:**

- Go n-éireoidh leis an mBanc Ceannais agus le rannpháirtithe i margadh na hÉireann aistriú chuig seirbhísí nua an Eurochórais.
- Go mbeidh feabhas curtha ar ár gcur chuige straitéiseach maidir le forbairt an timthrialla náisiúnta airgid.
- Go gcomhlíonfar na caighdeáin is airde tagarmhairc leis na caighdeáin oibríochtúla i ndáil le híocaíochtaí agus le hairgeadra.

CLÁR NA nÁBHAR | Réamhrá | Misean, Sainordú agus Fís | Téamaí Straitéiseacha | Athbhreithniú ar Straitéis 2016-2018 | Cuspóirí Reachtúla | Cuspóirí Eagraíochtúla

Cobhsaíocht Praghsanna | Cobhsaíocht Airgeadais | Réiteach | Rialáil Airgeadais | Íocaíochtaí, Socraíochtaí agus Airgeadra | Anailís Eacnamaíoch agus Staidreamh

## Ár Sainordú Reachtúil:

# Anailís Eacnamaíoch agus Staidreamh

### Toradh Inmhianaithe: "Anailís agus trácht a chur ar fáil d'fhonn tacú le forbairt beartais náisiúnta eacnamaíoch."

**Tugann an Banc Ceannais faoi anailís eacnamaíoch, faoi thaighde, faoi bhailiú sonraí agus faoi anailís staidrimh, d'fhonn ceapadh beartais eacnamaíoch ar bhonn intíre agus idirnáisiúnta a fhoirmiú.**

**Gníomhaíochtaí Lárnacha:**

**Anailís Eacnamaíoch**
Cuirfimid anailís shoiléir, léargasach ar fáil lena gcuirfear lenár dtuiscint ar gheilleagar na hÉireann.

**Faireachán agus Measúnú a dhéanamh ar Rioscaí Seachtracha**
Leanfaimid de thaighde agus d'anailís fhianaise-bhunaithe a dhéanamh ar na rioscaí ionchasacha don chobhsaíocht airgeadais agus don gheilleagar níos leithne, ar rioscaí iad a eascraíonn as Brexit agus as an timpeallacht idirnáisiúnta trádála agus cánach níos leithne, agus cuirfimid na tátail in iúl do pháirtithe leasmhara agus do lucht déanta beartais.

**Cáilíocht agus Infhaighteacht Sonraí a Fheabhsú ar fud an Bhainc Ceannais chun Tacú le Ceapadh Beartais**
Feabhsóimid raon agus cáilíocht na n-acmhainní sonraí d'fhonn cumas inmheánach agus seachtrach ceaptha beartais ar bhonn fianaise a neartú.

**Torthaí Inmhianaithe:**

- Go mbeidh taighde eacnamaíoch d'ardchaighdeán déanta againn agus go mbeidh anailís mhionsonraithe agus léargas mionsonraithe foilsithe againn.
- Go dtacóidh an anailís agus úsáid sonraí feabhsaithe seo le forbairt ár gcuid oibre eacnamaíche agus beartais lena n-áirítear anailís ar rioscaí ionchasacha.

« »

# Cuspóirí Eagraíochtúla

**Tá ceangal reachtúil ar an mBanc Ceannais acmhainní a leithdháileadh ar bhonn éifeachtach, éifeachtúil, eacnamaíoch. Tá sé ríthábhachtach go bhforbrófar cumas eagraíochtúil an Bhainc Ceannais chun go bhféadfar dul i ngleic lenár sainordú leathan, casta agus chun ár Misean a bhaint amach ar mhaithe le leas an phobail. Is iad ár gcomhaltaí foirne an acmhainn is tábhachtaí atá againn agus tá sé riachtanach go mbeidh an Banc Ceannais tarraingteach mar fhostóir, agus go gcoinneoidh agus go bhforbróidh sé comhaltaí foirne atá tiomanta don tseirbhís phoiblí agus go gcumasóidh sé dóibh a ndícheall a dhéanamh i dtimpeallacht oibre dhearfach ina mbíonn comhoibriú á chothú.**

**San Fhís atá againn, beidh an Banc Ceannais ina fhostóir den scoth; beidh ardmheas ar ár gcomhaltaí foirne éagsúla; beidh siad tiomanta don sármhaitheas le linn dóibh ár sainordú a bhaint amach; agus beidh an deis acu gairmeacha beatha sásúla a bheith acu agus barr a gcumais a bhaint amach**

Mar eagraíocht eolasbhunaithe, tá bainistíocht agus anailís éifeachtach ar shonraí agus ar fhaisnéis riachtanach chun go n-éireoidh linn ár straitéis a bhaint amach. Ní mór go dtacóidh ár bpróisis agus ár gcórais inmheánacha le gnóthú ár straitéise ar fud na heagraíochta.

Le linn dúinn a bheith ag freastal ar leas an phobail, déanaimid bainistíocht stuama ar ár gcuid oibríochtaí agus féachaimid leis na caighdeáin is airde rialachais inmheánaigh agus bainistíochta riosca a chomhlíonadh.

Is é aidhm an Bhainc Ceannais a bheith ina eagraíocht oscailte, thrédhearcach, a mbeidh rannpháirtíocht aige le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear ár gcomhaltaí foirne féin, agus go n-éistfimid leo chun ár gcuid oibre a fhoirmiú agus chun muinín sa Bhanc Ceannais agus tuiscint ar an mBanc Ceannais a fheabhsú.

Leagann an Banc Ceannais béim láidir ar obair a dhéanamh ar mhodh freagrach. Mar institiúid phoiblí, tuigimid go mbíonn iarmhairt ag ár gcuid oibre ar an timpeallacht, ar na pobail ina mbímid ag feidhmiú agus ar ár bpáirtithe leasmhara. Creidimid gur cheart dúinn ár ndualgais a chomhlíonadh ar mhodh a bheidh freagrach ón taobh sóisialta de.

Féachaimid le cultúr d'Aon Bhanc Amháin a chothú ina mbeimid ag obair i gcomhar lena chéile chun ár n-éifeachtacht agus ár n-éifeachtúlacht a uasmhéadú d'fhonn ár sainordú a bhaint amach.

**Gníomhaíochtaí Lárnacha:**

### Acmhainn agus Cumas a Chothabháil agus a Fhorbairt chun dul i ngleic le Riachtanais na hEagraíochta atá ag Athrú

Cuirfimid ár Straitéis maidir le Daoine chun feidhme, lena n-áirítear ár gcur chuige maidir le soláthar foirne, foghlaim agus forbairt, forbairt ceannaireachta, agus bainistiú tallainne, rud a chumasóidh dár gcomhaltaí foirne a ndícheall a dhéanamh i dtimpeallacht a thacóidh le héagsúlacht agus le hiomchuimsiú agus a neartóidh ár gcumas agus solúbthacht.

### Acmhainní Córais Nua

Áiritheoimid go bhfuil struchtúir, próisis, inniúlachtaí agus teicneolaíochtaí iomchuí i bhfeidhm chun tacú linn ár dtosaíochtaí eagraíochtúla a bhaint amach go rathúil.

Déanfaimid infheistíocht inár Straitéis Sonraí, rud a thacóidh le hanailísíocht agus bainistíocht sonraí ar fud na heagraíochta, mar aon le córas bainistíochta doiciméad agus taifead leictreonach a chur i bhfeidhm sa Bhanc Ceannais.

### Caighdeáin Inmheánacha maidir le Rialachas, Bainistíocht Riosca agus Cuntasacht

Leanfaimid de rialachas inmheánach, de bhainistíocht riosca, de shlándáil faisnéise agus de chibearshlándáil a neartú i dteannta lenár gcórais slándála. Leanfar de bhéim a leagan ar ár gcumas téarnaimh ó thaobh leanúnachais gnó de. Áiritheoimid go mbainfear ár n-oibleagáidí cuntasachta amach trí na caighdeáin is airde trédhearcachta agus soiléireachta a chur i bhfeidhm maidir lenár dtuairisciú reachtúil.

### Cultúr Eagraíochtúil

Déanfaimid athbhreithniú ar ár bprionsabail agus ár n-iompraíochtaí tosaíochta (lena gcuirtear ár gcultúr inmhianaithe in iúl) agus déanfaimid iad a leabú chun cultúr dearfach a chinntiú lena léireofar ár n-éiteas d'Aon Bhanc Amháin, ár dtiomantas don tseirbhís phoiblí, d'éagsúlacht agus d'ionchuimsiú.

### Rannpháirtíocht leis an bPobal agus le Páirtithe Leasmhara Intíre

Déanfar rannpháirtíocht go díreach agus ar líne leis an bpobal ar mhodh oscailte, trédhearcach trínár straitéis chumarsáide, trínár bhfeachtas for-rochtana agus nuair a bheidh seirbhísí á soláthar go díreach againn don phobal. Beidh rannpháirtíocht againn lenár bpríomhpháirtithe leasmhara intíre ar mhodh oscailte, trédhearcach.

### Eispéireas san Áit Oibre

Leanfaimid d'obair a chur i gcrích chun timpeallacht oibre shásúil a bhaint amach ina mbeidh ardmheas ar ár gcomhaltaí foirne agus ina n-aithneofar an méid a dhéanann siad. Leanfaimid den chóiríocht agus de na saoráidí a ailíniú le riachtanais an Bhainc Ceannais agus lenár gcomhaltaí foirne amach anseo.

### Ár bhFreagrachtaí Sóisialta Corparáideacha a Chomhlíonadh

Comhlíonfaimid ár gcuid freagrachtaí reachtúla agus riaracháin ar mhodh atá freagrach ón taobh sóisialta de agus ar mhodh inbhuanaithe sa phobal áitiúil agus sa phobal níos leithne.

**Torthaí Inmhianaithe:**

- Go dtacóidh ár gcultúr agus ár gcumas le comhlíonadh ár sainordaithe ar mhodh éifeachtach, éifeachtúil fad a chloífimid leis na caighdeáin is airde rialachais agus bainistíochta riosca.
- Go neartófar ár bpróisis oibríochtúla inmheánacha.
- Go mbeimid solúbtha mar eagraíocht agus go mbeimid ábalta muid féin a oiriúnú do thosaíochtaí eagraíochtúla a bhíonn ag athrú.
- Go mbainfimid úsáid as na sonraí atá ar fáil chun ár sainordú a chomhlíonadh ar mhodh níos éifeachtaí.
- Go mbeidh rannpháirtíocht againn leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara agus go n-éistfimid leo.
- Go maolófar na príomhrioscaí a bheidh ag bagairt ar an eagraíocht lenár rialachas inmheánach agus lenár mbainistíocht riosca.
- Go bhfreagróidh ár gcórais slándála go cuí do na rioscaí agus na bagairtí atá sa timpeallacht.
- Go dtacóidh ár gcultúr lenár bprionsabail agus lenár n-iompraíochtaí tosaíochta.
- Go mbeidh ár dtiomantais maidir le Freagracht Shóisialta Chorparáideach á gcomhlíonadh againn.
- Gur áit oibre shásúil a bheidh sa Bhanc Ceannais mar a thomhaisfear le creidiúnú mar áit oibre iontach.

# Dualgas Poiblí

Faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 (an tAcht), bunaítear oibleagáidí áirithe do chomhlachtaí poiblí i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas. Le linn don Bhanc Ceannais an Plean Straitéiseach seo a ullmhú, bhí saincheisteanna maidir le cearta an duine agus comhionannas mar bhonn eolais aige, ar saincheisteanna iad a ndéanann obair an Bhainc Ceannais difear dóibh go díreach nó go hindíreach nó a dhéanann difear d'obair an Bhainc Ceannais.

**Áiritheoidh an Banc Ceannais:**

- go gcuirfear chun feidhme ár Straitéis maidir le Daoine chun comhionannas agus cearta an duine ag comhaltaí foirne a chur chun cinn agus chun tacú leis an gcéanna;
- go mbeidh rannpháirtíocht againn leis an bpobal trínár straitéisí cumarsáide agus for-rochtana lena n-áirítear mar chuid dár dtiomantas do fhreagracht chorparáideach agus do fhreagracht shóisialta;
- go gcuirfear seirbhís ghairmiúil, éifeachtúil, cúirtéiseach ar fáil do na daoine sin den phobal a fhaigheann seirbhísí ón mBanc Ceannais mar atá leagtha amach inár gCairt Chustaiméirí;
- go rachfar i gcomhairle leis an bpobal maidir le forbairtí beartais an Bhainc Ceannais agus go mbreithneoidh an Banc Ceannais na hoibleagáidí faoin Acht, i gcás inar iomchuí, le linn dó beartais a fhorbairt.

Tuigeann an Banc Ceannais an fhreagracht atá air a áirithiú go mbeidh na prionsabail um chearta an duine agus um chomhionannas leabaithe in obair an Bhainc Ceannais. I gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoin Acht, táimid tiomanta do mheasúnú mionsonraithe a dhéanamh ar shaincheisteanna maidir le cearta an duine agus comhionannas atá ábhartha don Bhanc Ceannais thar thréimhse an Phlean Straitéisigh seo.

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland

Eurosystem